



An Bhruiséil, 29.4.2026
COM(2026) 183 final

2026/0099 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1157 a mhéid a bhaineann leis an toirmeasc ar dhramhaíl mheasctha chathrach atá beartaithe lena haisghabháil a onnmhairiú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Le hAirteagal 44(2)(f) de Rialachán (AE) 2024/1157 maidir le loingsithe dramhaíola ('an Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola') foráiltear nach gceadófar a thuilleadh, ón 21 Bealtaine 2026, dramhaíl mheasctha chathrach a onnmhairiú ón Aontas chuig tríú tíortha (lena n-áirítear an Eilvéis) lena haisghabháil. Glacadh an fhoráil sin mar chuid de bheartas comhshaoil foriomlán an Aontais chun giniúint dramhaíola measctha cathrach a laghdú (i.e. dramhaíl a ghineann teaghlach agus nach mbailítear ar leithligh). Ba é an cuspóir a bhí leis cóireáil na dramhaíola measctha cathrach a chur chun cinn i saoráidí a oibrítear de réir chaighdeáin an Aontais agus atá suite gar don áit a ngintear í, i gcomhréir le prionsabal na gaireachta, chomh maith le héifeachtúlacht ábhair agus an gá atá le lorg comhshaoil dramhaíola a laghdú.

Gach bliain, seoltar thart ar 200 000 tona de dhramhaíl mheasctha chathrach ó Bhallstáit éagsúla an Aontais chuig an Eilvéis. Tagann sciar mór den dramhaíl sin ó cheantair atá suite an-ghar don Eilvéis. Le teacht i bhfeidhm Airteagal 44(2)(f) den Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola, chuirfí stop le cleachtas atá seanbhunaithe. Leis an toirmeasc sin, aistrefar iompar dramhaíola den sórt sin chuig saoráidí eile atá san Aontas, ar saoráidí iad atá lonnaithe níos faide ar shiúl ná na suiteálacha san Eilvéis atá in úsáid faoi láthair ag údaráis Bhallstáit an Aontais agus ag oibreoirí bainistithe dramhaíola.

Léiríonn na sonraí a chuir na húdaráis agus na páirtithe leasmhara sin ar fáil go gcuirfeadh toirmeasc ar onnmhairiú dramhaíola cathrach chuig an Eilvéis méadú mór ar na costais a bhaineann leis an dramhaíl sin a bhainistiú agus go nginfí barrachas astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an iompar breise de bhóthar (agus ionadú an iompair d'iarnród a úsáidtear faoi láthair chun dramhaíl a aistriú ón Ostair go dtí an Eilvéis). Ina theannta sin, maidir leis na tairbhí a bhaineann leis an mbeart sin (gníomhaíocht eacnamaíoch mhéadaithe atá nasctha leis an gcóireáil dramhaíola i saoráidí an Aontais; spleáchas laghdaithe ar onnmhairiú dramhaíola chun dramhaíl a ghintear san Aontas a bhainistiú) is cosúil go bhfuil siad teoranta. I bhfianaise an mhéid sin, is cosúil nach bhfuil an beart comhréireach i gcomparáid leis na cuspóirí a bhféachtar lena mbaint amach leis. I gcomhréir lena chlár oibre simpliúcháin, molann an Coimisiún, dá bhrí sin, leasú an-spriocdhírithé agus teoranta ar an Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola chun Airteagal 44(f) a leasú, chun go bhféadfar leanúint de dhramhaíl mheasctha chathrach a onnmhairiú lena haisghabháil chuig an Eilvéis. Beidh toirmeasc ar dhramhaíl den sórt sin a onnmhairiú lena diúscairt (líonadh talún nó loscadh gan aisghabháil fuinnimh).

I dTeachtaireacht COM(2025)980 'Simpliú ar mhaithe le hiomaíochas inbhuanaithe' a ghabhann leis an bpacáiste Omnibus Comhshaoil a glacadh i mí na Nollag 2025 (Simpliú na n-ualaí riaracháin sa reachtaíocht chomhshaoil), d'aithin an Coimisiún na hábhair inmí maidir leis na saincheisteanna sin a chuir páirtithe leasmhara agus údaráis sna Ballstáit lena mbaineann in iúl (an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil agus an Ostair), i gcás ina n-éilíonn an suíomh geografach i réigiúin áirithe dramhaíl den sórt sin a onnmhairiú trí mhodhanna iompair níos inbhuanaithe chuig saoráidí bainistithe dramhaíola in aice láimhe i dtíortha comharsanachta. Chuir an Coimisiún in iúl go bpléifeadh sé leis na comhreachtóirí conas aghaidh a thabhairt ar an ábhar ar bhealach tráthúil sa Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach nó trí bhíthin uirlisí reachtacha eile, i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin maidir le Loingsithe Dramhaíola agus clár oibre dícharbónaithe an Aontais. Is é an bealach is éifeachtaí agus is

tapúla chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin togra neamhspleách a chur síos chun Airteagal 44(2)(f) de Rialachán (AE) 2024/1157 a leasú.

Áirítear sa togra seo forálacha spriocdhírthe nach mbaineann ach le soiléiriú nach bhfuil feidhm ag an toirmeasc ar dhramhaíl mheasctha chathrach a loingsiú lena haisghabháil nuair a onnmhairítear dramhaíl den sórt sin chuig an Eilvéis. Tá sé tábhachtach go nglacfaidh an Coimisiún an togra seo a luaithe is féidir, ionas gur féidir leis na comhrechtóirí é a chomhaontú go tapa, rud a sheachnódh cur isteach ar loingsithe dramhaíola measctha cathrach chuig an Eilvéis. Tiocfaidh Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2024/1157 i bhfeidhm an 21 Bealtaine 2026; tá toilithe maidir le loingsithe dramhaíola measctha cathrach bailí ar feadh suas le bliain amháin, rud a chiallaíonn sa chleachtas go mbeidh loingsithe ar tugadh toilithe ina leith roimh an 21 Bealtaine 2026 údaraithe tar éis an dáta sin, go dtí an 20 Bealtaine 2027 ar a dhéanaí. Tá an méid sin i gcomhréir le hAirteagal 85(3) de Rialachán (AE) 2024/1157. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, go nglacfar an leasú ar Airteagal 44(2) agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm roimh an dáta deiridh sin.

Tá modhnuithe nó maoluithe breise féideartha ar an Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola lasmuigh de raon feidhme agus d'aidhmeanna an togra seo. Rachaidh an Coimisiún i dteagmháil ar bhealach cuiditheach leis na comhrechtóirí chun a áirithiú go gcaomhnófar cuspóir bunriachtanach an togra seo go hiomlán leis an bpróiseas reachtach agus nach n-athrófar a bhféachtar lena dhéanamh leis.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Ar an iomlán, leanann onnmhairiú dramhaíola chuig an Eilvéis na rialacha céanna leis an loingsiú trasteorann dramhaíola idir na Ballstáit. Ba dhíolúine ón riail ghinearálta sin an toirmeasc ar onnmhairiú dramhaíola measctha cathrach lena haisghabháil faoin Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola. Leis an togra reachtach seo, coinneofar ar bun an chomhsheasmhacht leis na rialacha maidir le honnmhairiú dramhaíola idir Ballstáit an Aontais agus idir Ballstáit an Aontais agus an Eilvéis.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Go bunúsach, is é is aidhm don leasú atá beartaithe an *status quo* a choinneáil ar bun, a mhéid a bhaineann leis an gcás sonrach maidir le dramhaíl mheasctha chathrach a onnmhairiú ón Aontas chuig an Eilvéis. Ní chruthaíonn sé sin aon neamhréireacht le beartais an Aontais.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is ionann an bunús dlí agus bunús dlí an Rialacháin maidir le Loingsithe Dramhaíola, i.e. Airteagal 192 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ina leagtar síos cén chaoi ar cheart Airteagal 191 den Chonradh a chur chun feidhme. Tugtar aghaidh in Airteagal 191 ar bheartas an Aontais maidir leis an gcomhshaoil, beartas nach mór a bheith ina rannchuidiú chun na cuspóirí seo a leanas a shaothrú:

- cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú agus a chosaint agus feabhas a chur uirthi,
- sláinte an duine a chosaint,
- acmhainní nádúrtha a úsáid ar bhealach stuama réasúnach agus
- bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun dul i ngleic le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó fadhbanna comhshaoil ar fud an domhain, agus go háirithe chun an t-athrú aeráide a chomhrac.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is é is aidhm don togra leasú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola, lena rialaítear loingsiú dramhaíola idir Ballstáit an Aontais, agus idir an tAontas agus tríú tíortha. Tá rialacha comhchuibhithe de chuid an Aontais maidir le loingsiú dramhaíola i bhfeidhm le blianta fada anuas, chun a áirithiú nach mbeidh aon bhac míchuí ar an leibhéal náisiúnta ar loingsithe trasteorann dramhaíola idir Ballstáit an Aontais. Tá gá le comhchuibhiú den sórt sin freisin chun cás a sheachaint ina roghnódh oibreoirí neamhdhleathacha a gcuid dramhaíola a loingsiú ar dtús trí na Ballstáit nach bhfuil rialacha intíre chomh dian céanna acu le Ballstáit eile, ionas gur féidir leo an dramhaíl sin a onnmhairiú ina dhiaidh sin ón Aontas chuig tríú tíortha (cás ‘ceannach ó chalafort go calafort’). Tá údar maith freisin le rialacha comhchuibhithe a bheith ann maidir le dramhaíl a onnmhairiú chuig an Eilvéis, chun go mbeidh cóir chomhionann agus soiléireacht dhlíthiúil ann le haghaidh gach oibreora dramhaíola san Aontas ar mian leis dramhaíl a loingsiú chuig an tír sin.

- **Comhréireacht**

Dá n-eisiafaí an Eilvéis ón toirmeasc ar onnmhairiú dramhaíola measctha cathrach lena haisghabháil, chuirfí deireadh le bacainn a bheidh ann amach anseo ar a áirithiú go ndéanfar bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol sa tsaoráid is gaire ar dhramhaíl mheasctha chathrach lena haisghabháil. Trí leasú a dhéanamh ar an Rialachán ar bhealach an-spriocdhírthe, tabharfar aghaidh ar bhealach comhréireach ar na hábhair inní a chuir páirtithe leasmhara agus údaráis sna Ballstáit lena mbaineann in iúl maidir leis na saincheistanna gan baint do chodanna eile den Rialachán ná tionchar a imirt ar aidhmeanna an Rialacháin.

- **An rogha ionstraime**

Rialachán ó tharla go n-athraíonn sé Rialachán atá ann cheana

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní eascraíonn an togra seo as meastóireacht *ex post* ná as seiceáil oiriúnachta

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinne roinnt páirtithe leasmhara ó réigiúin a bhfuil teorainn acu leis an Eilvéis inní a chur in iúl faoi thionchar Airteagal 44(2)(f) den Rialachán maidir le Loingsiú Dramhaíola ar a ngníomhaíochtaí, go háirithe mar chuid den chomhairliúchán poiblí chun an pacáiste Omnibus Comhshaoil a ullmhú a glacadh i mí na Nollag 2025 (Ualaí riaracháin sa reachtaíocht chomhshaoil a shimplíú).

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Sholáthair údaráis na hOstaire agus na Gearmáine sonraí maidir leis na tionchair chomhshaoil agus eacnamaíocha a bheadh ag toirmeasc amach anseo ar dhramhaíl mheasctha chathrach a onnmhairiú chuig an Eilvéis i gcomparáid le roghanna malartacha laistigh de na Ballstáit lena mbaineann (an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ostair). Léiríonn na sonraí sin go mbeadh tionchar diúltach, den chuid is mó, ag toirmeasc den sórt sin ar an ngeilleagar agus ar an gcomhshaol.

Sna léaráidí thíos, a bhaineann le réigiún teorann Vorarlberg na hOstaire agus le limistéar teorann na Gearmáine in Baden-Württemberg, soláthraítear figiúirí cainníochtaithe den tionchar sin.

Na himpleachtaí don chomhshaol

Bheadh dramhaíl á hiompar de bhóthar ar feadh achar níos faide mar thoradh ar dhramhaíl a loingsítear faoi láthair chuig an Eilvéis a athródú chuig suíomhanna eile. Mar shampla, má loingsítear dramhaíl mheasctha chathrach ó réigiún Vorarlberg na hOstaire chuig an tsaoráid is gaire san Eilvéis tá an t-achar loingsithe sin deich n-oiread níos giorra ná an t-achar a bheadh i gceist leis an rogha is dóchúla san Ostair (40 km vs 400 km). Ina theannta sin, is trí iompar lastas iarnróid a oibrítear formhór na loingsithe dramhaíola ón Ostair go dtí an Eilvéis. Níor mhór iompar de thrucaíl a úsáid ina ionad sin. Ar an mbonn sin, is féidir a mheas go mbaintear amach coigilteas thart ar 1400 tona CO₂ in aghaidh na bliana leis an iompar dramhaíola chuig an Eilvéis atá ann faoi láthair, i gcomparáid le hiompar chuig saoráid chomhchosúil san Aontas.

Thairis sin, faoi láthair, déantar 15 000 tona d'iarmhair ó loscadh dramhaíola lena n-aisghabhhtar fuinneamh a iompar ar ais ón Eilvéis go díreach go Vorarlberg gach bliain, rud a áirithíonn go mbaintear an úsáid is fearr is féidir as lóistíocht iompair atá ann cheana agus go mbaintear leas as sineirgí tríd an gcomhar réigiúnach.

Ar deireadh, dá mba ghá dramhaíl a iompar achair níos faide, d'fhéadfadh coinne a bheith le héifeachtaí diúltacha ar thrácht laistigh den limistéar Alpach (amhail truailliú aeir, torann, brú bonneagair, athrú aeráide). D'fhéadfadh riosca níos airde tionóiscí a bheith mar thoradh air freisin agus méadú ar thrácht trucaíl ar bhóithre sléibhtiúla.

I gcás na Gearmáine, dá ndéanfaí sruthanna dramhaíola a atreorú chuig na gléasraí aisghabhála fuinnimh is gaire in Baden-Württemberg, bheadh achair mhóra bhreise le taisteal a bheadh thart ar 887 000 km san iomlán in aghaidh na bliana thar na limistéir teorann atá buailte. Mar thoradh air sin, bheadh ualach breise bliantúil thart ar 383 thona astaíochtaí CO₂ ann de réir mheastacháin údaráis na Gearmáine. Tá na figiúirí sin bunaithe ar na cásanna is fabhraí is féidir toisc gur dócha nár mhór an dramhaíl a chur níos faide ná Baden Württemberg le haghaidh cóireála i gcás nach gcuirfí chuig saoráidí in aice láimhe san Eilvéis.

Cé nach bhfuil an Eilvéis faoi cheangal ag dlí an Aontais, amhail an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha agus tógála beostoic), tá saoráidí aisghabhála fuinnimh san Eilvéis faoi réir ardchaighdeáin a mhéid a bhaineann le rialuithe ar thruailliú. Dá bhrí sin, ní bheidh sé mar thoradh ar dhramhaíl mheasctha chathrach a onnmhairiú chuig na saoráidí sin go gcoireáilfear dramhaíl a ghintear san Aontas i ndálaí nach bhfuil chomh fóna céanna ó thaobh an chomhshaoil de leis na dálaí atá san Aontas.

Impleachtaí don chostas eacnamaíoch:

Chomh maith le hastaíochtaí CO₂ níos airde a bheith ann agus an gá a bheadh le hiompar fadraoin de bhóthar trí réigiún shléibhtiúla, thiocfadh méadú ar na costais eacnamaíocha a bhaineann le dramhaíl mheasctha chathrach a iompar agus a chóireáil dá dtosódh an toirmeasc onnmhairiúcháin a leagtar amach in Airteagal 44(f) den Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Eilvéis.

Léiríonn meastacháin ó réigiún Vorarlberg go dtiocfadh méadú faoi fhachtóir 10 ar a laghad ar chostais iompair agus go dtiocfadh méadú thart ar 40 % ar chostais chóireála. Chuir údaráis na Gearmáine in iúl freisin go mbeadh costais níos airde ar bhardais atá i gceannas ar

dhramhaíl mheasctha chathrach a bhainistiú in Baden Württemberg mar thoradh ar an toirmeasc onnmhairiúcháin.

- **Measúnú tionchair**

Níl gá le haon mheasúnú tionchair toisc go meastar go mbeidh na tionchair teoranta ar leibhéal an Aontais agus go bhfuil an rogha pholaitiúil maidir le conas an toradh inmhianaithe a bhaint amach teoranta.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Leis an togra seo, simpleofar gníomhaíochtaí bardas agus cuideachtaí bainistithe dramhaíola a bhfuil dramhaíl mheasctha chathrach á loingsiú acu chuig an Eilvéis faoi láthair, i gcomparáid le cás ina mbeadh toirmeasc ar loingsithe den sórt sin.

- **Ceartha bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag gabháil leis an togra maidir le cosaint na gceart bunúsach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní shainiúitear aon impleacht bhuiséadach.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socrúithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

In **Airteagal 1** tá foráil leasaithe le haghaidh Airteagal 44, mír 2, fomhír f, de Rialachán (AE) 2024/1157. Soiléirítear ann nach bhfuil feidhm ag an toirmeasc ar dhramhaíl mheasctha chathrach a loingsiú (dá dtagraítear in Airteagal 4(3) den Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola) lena haisghabháil nuair a onnmhairítear dramhaíl den sórt sin chuig an Eilvéis.

Le hAirteagal 2 déantar foráil maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1157 a mhéid a bhaineann leis an toirmeasc ar dhramhaíl mheasctha chathrach atá beartaithe lena haisghabháil a onnmhairiú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le hAirteagal 44(2)(f) de Rialachán (AE) 2024/1157⁽¹⁾ toirmeascar ón 21 Bealtaine 2026 dramhaíl mheasctha chathrach a onnmhairiú ón Aontas chuig tríú tíortha lena haisghabháil. Maidir le haistriú dramhaíola den sórt sin ó limistéir teorann chuig gléasraí cóireála in aice láimhe san Eilvéis, lena ndéantar foráil maidir le hardchaighdeáin bainistithe dramhaíola, ní bheadh sé údaraithe a thuilleadh, rud a chuirfeadh deireadh le cleachtas atá seanbhunaithe. Leis an toirmeasc sin, d'aistreofaí iompar dramhaíola den sórt sin chuig tíortha eile, go dtí saoráidí bainistithe dramhaíola atá suite níos faide ar shiúl, agus bheadh iompar breise de bhóthar seachas iompar breise d'iarnród mar thoradh air. Mhéadódh sé sin na costais a bhaineann leis an dramhaíl sin a bhainistiú agus ghinfí barrachas astaíochtaí gás ceaptha teasa mar thoradh ar an iompar breise de bhóthar, agus tá na tairbhí a bhaineann leis an-teoranta. I bhfianaise an mhéid sin, is gá Airteagal 44(2)(f) de Rialachán (AE) 2024/1157 a leasú chun go bhféadfar leanúint de dhramhaíl mheasctha chathrach a onnmhairiú lena haisghabháil chuig an Eilvéis.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/1157 ón gComhairle a leasú dá réir sin.
- (3) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach ach, de bharr go bhfuil gá le comhchuibhiú, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2024/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le loingsithe dramhaíola, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 agus (AE) 2020/1056 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L, 2024/1157, 30.04.2024

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 44(2) de Rialachán (AE) 2024/1157, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) beidh toirmeasc ar an dramhaíl dá dtagraítear in Airteagal 4(3) a onnmhairiú, seachas chuig an Eilvéis;’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
[...]

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
[...]

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun Rialachán (AE) Uimh. 2024/1157 maidir le loingsiú dramhaíola a leasú.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Réimse beartais: 09 Gníomhaíocht Chomhshaoil: 09 02 02 An Clár don Chomhshaoil agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) - An geilleagar ciorclach agus an cháilíocht saoil

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is é is cuspóir do Rialachán (AE) 2024/1157 an comhshaoil agus sláinte an duine a chosaint in aghaidh na ndrochthionchar a d'fhéadfadh teacht as loingsiú dramhaíola. Níl aon athrú air sin.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Le hAirteagal 44(2)(f) de Rialachán (AE) 2024/1157 toirmeasctar ón 21 Bealtaine 2026 dramhaíl mheasctha chathrach a onnmhairiú ón Aontas lena haisghabháil, agus dá bhrí sin eisiatar an Eilvéis mar cheann scríbe. Ní údarófar a thuilleadh leis an bhforáil sin dramhaíl den sórt sin a aistriú ó limistéir teorann chuig gléasraí cóireála in aice láimhe san Eilvéis, rud a chuirfidh deireadh le cleachtas atá i bhfeidhm le blianta fada. Leis an toirmeasc sin, aistrefar iompar dramhaíola den sórt sin chuig tíortha eile, go dtí saoráidí bainistithe dramhaíola atá suite níos faide ar shiúl. Méadóidh sé sin na costais a bhaineann leis an dramhaíl sin a bhainistiú agus ginfear barrachas astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an iompar breise de bhóthar. Sa Teachtaireacht a ghabhann leis an bpacáiste omnibus comhshaoil ó mhí na Nollag 2025, léirigh an Coimisiún gurbh eol dó na hábhair inní maidir leis na saincheistanna sin a chuir páirtithe leasmhara agus údarais sna Ballstáit lena mbaineann in iúl (an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil agus an Ostair), go háirithe i gcás ina n-éilíonn an suíomh geografach i réigiúin áirithe dramhaíl den sórt sin a onnmhairiú trí mhodhanna iompair níos inbhuanaithe chuig saoráidí bainistithe dramhaíola in aice láimhe i dtíortha comharsanachta. Níor chuir an Coimisiún aon togra leis an bpacáiste sin chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, ach chuir sé in iúl go bpléifeadh sé leis na comhreachtóirí conas aghaidh a thabhairt ar an ábhar ar bhealach tráthúil sa Ghníomh um an nGeilleagar Ciorclach nó trí bhíthin uirlisí reachtacha eile, i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin maidir le Loingsithe Dramhaíola agus chlár oibre dícharbónaithe an Aontais.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe / grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Costais iomarcacha a sheachaint, ó thaobh an gheilleagair agus an chomhshaoil araon de, a bhaineann le loingsiú fadraoin a dhéanamh ar dhramhaíl seachas í a loingsiú chuig an tsaoráid is gaire.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Costais a seachnaíodh ar oibreoirí bainistithe dramhaíola agus ar údaráis i mBallstáit an Aontais a bhfuil teorainn acu leis an Eilvéis. Laghdú ar an méid iompair de bhóthar agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa gaolmhara

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

- beart nua
- beart nua a leanann treoirhionscadal / réamhbheart⁽¹⁾
- síneadh ar bheart atá ann cheana
- beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Ní bhaineann le hábhar

1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Le rialacha uile-Aontais maidir le loingsithe dramhaíola, áirithítear nach dtéitear timpeall ar reachtaíocht chuimsitheach an Aontais maidir le dramhaíl tríd an dramhaíl a loingsiú chuig tríú tíortha, ar tíortha iad ina bhfuil na caighdeáin agus an fheidhmíocht um bainistiú dramhaíola an-éagsúil leo siúd atá i bhfeidhm san Aontas. Is é an breisluch a bhaineann le cur chuige an Aontais maidir le loingsiú dramhaíola ná go n-áirithítear leis freisin comhsheasmhacht i ndáil leis na Ballstáit Coinbhinsiún Basel agus Cinneadh ECFE a chur chun feidhme. Leis na forálacha mionsonraithe sa Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola, seachnaítear cás ina bhforbródh na Ballstáit léirmhínte éagsúla ar na forálacha sin, rud a chuirfeadh bac ar loingsithe dramhaíola laistigh den Aontas Eorpach.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Ní bhaineann le hábhar

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Ní bhaineann le hábhar

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Ní bhaineann le hábhar

⁽¹⁾ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.6. **Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

tréimhse theoranta

- i bhfeidhm ón [LL.MM]BBBB go dtí an [LL.MM]BBBB
- tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

tréimhse neamhtheoranta

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB, agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme⁽²⁾**

Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;
- comhlachtaí dlí poiblí;
- comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh;
- comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha;
- comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

⁽²⁾ Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais, le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia: <https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/financial-statement.aspx>.

- comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

[...]

2. **BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. **Rialacha faireacháin agus tuairiscithe**

Baineann an Ráiteas Airgeadais Reachtach le caiteachas foirne agus soláthar, agus tá feidhm ag rialacha caighdeánacha maidir leis an gcineál caiteachais sin.

2.2. **Córais bainistíochta agus rialaithe**

2.2.1. *An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Baineann an Ráiteas Airgeadais Reachtach le caiteachas foirne agus soláthar, agus tá feidhm ag rialacha caighdeánacha maidir leis an gcineál caiteachais sin.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Ní bhaineann le hábhar

2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

Ní bhaineann le hábhar

2.3. **Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

Baineann an Ráiteas Airgeadais Reachtach le caiteachas foirne agus soláthar, agus tá feidhm ag rialacha caighdeánacha maidir leis an gcineál caiteachais sin.

3. **AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. **Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar**

Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil eal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ⁽³⁾	ó thíortha CSTE ⁽⁴⁾	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach ⁽⁵⁾	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
Ní bhaineann le hábhar	[XX.YY.Y Y.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL
	[XX.YY.Y Y.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL
	[XX.YY.Y Y.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

⁽³⁾ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

⁽⁴⁾ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁽⁵⁾ Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteid eal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach a	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
	[XX.YY.Y Y.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL
	[XX.YY.Y Y.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL
	[XX.YY.Y Y.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil		Uimhir					
Ard-Stiúrthóireacht: <.....>			Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	CAI IOMLÁN 2021-2027
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí							
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1a)					0,000
	Íocaíochtaí	(2a)					0,000
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)					0,000
	Íocaíochtaí	(2b)					0,000
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonracha ⁽⁶⁾							
Líne bhuiséid		(3)					0,000
IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS <.....>	Gealltanais	=1a+1b+3	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
	Íocaíochtaí	=2a+2b+3	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Ard-Stiúrthóireacht: <.....>			Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	CAI IOMLÁN 2021-2027
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí							
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1a)					0,000

⁽⁶⁾ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin chun tacú le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

	Íocaíochtaí	(2a)						0,000
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)						0,000
	Íocaíochtaí	(2b)						0,000
